Ag Pleanáil an Chláir um Threoir Scoile

An Lárionad Náisiúnta
um Threoir San Oideachas
2004

Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Department of Education and Science

NDP
National Development Plan

National Centre for Guidance in Education
NCGE

Ag Pleanáil an Chláir um Threoir Scoile

An Lárionad Náisiúnta
um Threoir san Oideachas

Eanair 2004

Arna fhoilsiú ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

An chéad urlár, 42/43 Sráid Prussia, Baile Átha Cliath 7.
www.ncge.ie

Réamhfhocal

Tá an- áthas orm an foilseachán seo *Ag Pleanáil an Chláir um Threoir Scoile* a chur i láthair, plean a chuireadh le chéile de thoradh ar éileamh Rannóga 9 (c) agus 21 den Acht um Oideachas 1998. Cabhróidh an foilseachán seo go mór le scoileanna chun a bplean treorach féin a fhorbairt mar chuid den ollphlean scoile.

Rinne An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas comhordú ar scríobh *Ag Pleanáil an Chláir um Threoir Scoile* le hionchur ó rannpháirtithe cuí. Táim thar a bheith buíoch do gach éinne a raibh lámh acu san obair seo as ucht a gcuid iarrachtaí agus a gcuid díograise.

Is gníomaíocht í don scoil ar fad an phleanáil don treoir agus is dlúthchuid í den *Phlean um Fhorbairt Scoile*. Tugann an plean um threoir dúshlán agus deis do scoileanna cláracha a chur le chéile a dheimhneoidh go mbeidh teacht ag gach dalta ar threoir oiriúnach.

Toisc go n-éilíonn na cláracha seo athbhreithniú agus leasú rialta chun freastal ar riachtanais na ndaltaí sa scoil, a bhíonn ag athrú de shíor, is obair í an phleanáil do treoir a bhíonn ar siúl i gcónaí.

Mar a léiríonn an doiciméad seo bíonn pleanáil don treoir ag brath, ní hámháin ar shaineolas an chomhairleoir treorach, ach baineann sé chomh maith le bainisteoireacht na scoile, leis an bhfoireann, le tuismitheoirí agus le daltaí. Táim cinnte go mbeidh an doiciméad seo ina acmhainn luachmhar ag gach éinne a bhíonn ag déileáil le treoir ins na scoileanna. Cabhróidh sé chomh maith chun cláracha bisiúla um threoir a chur ar fáil do na daltaí go léir chun cahhrú leo le na h-athchóirithe a bheidh orthu a dhéanamh de réir mar a ghabhann siad ón mbun leibhéal go dtí an dara leibhéal agus ar aghaidh as sin go dtí tuilleadh staidéir agus fostaíocht.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas as ucht *Ag Pleanáil an Chláir um Threoir Scoile* a fhoilsiú.

Nollaig Ó Díomasaigh, T.D.
Aire Oideachais agus
Eolaíochta

Clár

Réamhrá 5

Nodanna 6

Caibidil 1
Bunphrionsabail agus Comhthéacs 7
- **1.1** Foramharc
- **1.2** Na Polasaithe agus na Tionscnaimh/ Staidéir is deireanaí

Caibidil 2
Treoir ins na Scoileanna 11
- **2.1** Cad a chiallaíonn Treoir ins na Scoileanna?

Caibidil 3
An Plean um Threoir Scoile 15
- **3.1** An Clár um Threoir Scoile
- **3.2** Cad atá i gceist leis an bPlean um Threoir Scoile
- **3.3** Saineilimintí an Phlean um Threoir Scoile

Caibidil 4
Sainmhíniú Rólanna sa Chlár um Threoir Scoile 19
- **4.1** Rólanna Bainisteoireacht na Scoile, na Foirne agus na gCompháirtithe Oideachais
- **4.2** Ról an Chomhairleoir Treorach

Caibidil 5
An Próiseas Pleanála 23
- **5.1** Scála ama agus sainchéimeanna
- **5.2** Ag cur tús leis an bpróiseas – Rólanna
- **5.3** Dul i gcomhairle leis an bhfoireann
- **5.4** Anailís ar na Riachtanais Treorach
- **5.5** Glacadh leis an bPlean
- **5.6** Gníomhaíochtaí Lorgaireachta agus Athbhreithniú

Leabharliosta 27

AGUISÍNÍ

Aguisín I 29
- Tionscnaimh Tacaíochta Agus Tráchtaireachtaí

Aguisín II 31
- Athbhreithniú um Threoir Scoile (SGR)
  Cáipéisí samplacha:
  Foirm A (Riachtanais Threorach Daltaí: na h-acmhainní atá ar fáil)
  Foirm B (Achoimriú ar Acmhainní Treorach)
  Foirm C (Riachtanais Threorach na nDaltaí: Acmhainní a theastaíonn)
  Foirm D1 (Achoimriú ar Thorthaí an Athbreithnithe – Foirm A)
  Foirm D2 (Achoimriú ar Thorthaí an Athbreithnithe – Foirm B)
  Foirm E (Plean Forbartha chun an Clár um Threoir Scoile a fheabhsú)

Aguisín III 43
- Plean Gníomhaíochta

Aguisín IV 44
- Dáileadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta um Threoir i Scoileanna Dara Leibhéil

Séanadh: Tá gach iarracht déanta chun an eolais atá anseo a bheith beacht. Ní féidir cúram a ghlacadh ar son dearmad nó eolas atá fágtha ar lár.

Réamhrá

Glactar leis go forleathan anois gur cuid riachtanach den phróiseas foghlama í an treoir. Tá an tseirbhís treorach ins na scoileann dara leibhéil in Éirinn bunaithe go daingean agus tugtar tacaíocht éifeachtach do dhaltaí de réir mar a dhéanann siad roghanna tábhachtacha a mbeidh impleachtaí feadh saoil ag baint leo.

Ta sé de chuspóir ag an bhfoilseachán seo cabhrú le scoileanna chun a gcláracha um threoir a phleanáil i dtreo is go mbeidh siad torthúil. Ba chóir pleanáil um threoir a dhéanamh i gcomhairle le bainisteoireacht na scoile, le comhairleoirí treorach, le foireann na scoile ar fad, le tuismitheoirí agus leis na daltaí féin. Is é an toradh a bheidh air seo ná plean um threoir atá dea-dhéanta agus a úsáideann acmhainní na scoile go héifeachtach chun freastal ar riachtanais na ndaltaí.

Níl aon dá scoil mar a chéile agus níl clár réamhdhéanta um treoir scoile le fáil in áit ar bith. Cabhróidh an foilseachán seo le gach scoil anailís a dhéanamh ar a cúinsí agus ar a comhthéacs chun teacht ar a plean sainiúil féin. Beidh plean um threoir den scoth mar thoradh céadach ar an obair a chuirtear isteach ann.

Bhí dul i gcomhairle go forleathan agus síor aire i gceist le cur le chéile an fhoilseacháin seo. Ba mhór an tairbhe an taithí a fuarthas ón tionscadal píolóiteach a reachtáil an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas agus chuir sé go mór le forbairt an fhoilseacháin. Stiúir an fhoireann agus Coiste Bainistíochta an LNTO maraon leis na Cigirí um Threoir sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta forbairt an doiciméid ó thús go deireadh le díograis mhór.

Éilíonn an tAcht um Oideachas 1998 go mbíonn teacht ag daltaí ar threoir oiriúnach. Beidh aon scoil a dhéanann pleanáil dá clár de réir comhairle an doicéimíd seo ag leagan amach an bonn is fearr chun freastal ar an éileamh seo maidir lena daltaí.

Éamonn Ó Ríordáin
Cathaoirleach
LNTO

Nodanna

DES	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
FÁS	An tÚdarás um Thraenáil agus Fostaíocht
HSCL	An Ceangal idir Scoil, Baile agus Pobal
GEI	An Tionscamh um Fheabhsú Treorach
ICT	Teicneolaíochtaí Eolais agus Cumarsáide
IGC	Institiúid na gComhairleoirí Treorach
JCSP	Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
LCA	An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
LCVP	Clár na hArdteistiméireachta Gairmiúla
LES	An tSeirbhís Fostaíochta Áitiúila
NCGE	An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
NCTE	An Lárionad Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas
NDP	An Plean Forbartha Náisiúnta
NEPS	An tSeirbhís Náisiúnta um Shíceolaíocht san Oideachas
PLC	Clar Iar–Ardteistiméireachta
SDPI	Tionscnamh Pleanála um Fhorbairt Scoile
SGR	Athbhreithniú um Threoir Scoile
SPHE	Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
TYP	Clár na hIdirbhliana

CAIBIDIL I

Bunphrionsabail agus Comhthéacs

1.1 FORAMHARC

Tá sé de chuspóir ag an doiciméad seo cúnamh cuimsitheach a chur ar fáil do scoileanna agus do pháirtithe cuí eile chun plean um threoir scoile a thuiscint, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá an foilseachán seo ann in ionad *Treoirlínte um Chleachtadh Treorach agus Comhairlithe i Scoileanna* (1996).

Éilíonn an tAcht um Oideachas (1998) ar scoileanna 'treoir oiriúnach a chur ar fáil do na daltaí go léir' (Rannóg 9c)[1] agus fágann sin gur dlúthchuid í an treoir de ghníomhachtaí curaclaim na scoile. Éilíonn an tAcht chomh maith ar scoileanna plean scoile a fhorbairt bunaithe ar riachtanais na scoile[2]. Ba chóir do ollphlean na scoile tagairt shainiúil a dhéanamh do threoir agus plean um threoir scoile a bheith mar dhlúthchuid de. Cuirfidh an próiseas pleanála atá mar ábhar ag an bhfoilseachán seo ar chumas scoile tosaíochtaí a shainmhíniú agus na hacmhainní atá ar fail a úsáid sa tslí is fearr.

Úsáidfear an téarmaíocht seo leanas sa bhfoilseachán seo tríd síos. Tugtar miontuairisc ar na téarmaí i gcaibidilí amach anseo.

TREOIR INS NA SCOILEANNA

Tá réim eispéiris fhoghlama i gceist anseo a chuirtear ar fáil in ord céimneach a chabhróidh le daltaí roghanna (pearsanta agus sóisialta, oideachasúil agus gairmiúil) faoina saol a dhéanamh agus na h-athraithe a bheidh le déanamh de bharr na n-athchóirithe sin a chur i bhfeidhm.

AN CLÁR UM THREOIR SCOILE

Cuirtear treoir ar fáil tríd an gclár um threoir scoile. Séard atá i gceist sa Chlár um Threoir ná sraith shainiúil de eispéiris fhoghlama a chuireann an scoil ar fail mar fhreagra ar riachtanais threorach na ndaltaí.

AN PLEAN UM THREOIR SCOILE

Séard atá i gceist sa phlean um threoir scoile ná an doiciméad ina ndéanann an scoil sainmhíniú de réir eagair ar an gclár treorach a chuireann sé ar fáil agus ina léirítear conas a riartar na hacmhainní chun an clár a chur i bhfeidhm. Ní mór na nithe seo leanas a chur san áireamh

- Aidhmeanna
- Cuspóirí
- Acmhainní
- Spriocghrúpaí
- Gníomhaíochtaí
- Athbhreithniú

I mbeagán focal: Séard atá sa phlean um threoir scoile ná an doiciméad a dhéanann sainmhíniú ar an gclár um threoir scoile.

BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LEIS AN bPLEAN UM THREOIR SCOILE

Cuireann an plean um threoir scoile stiúradh ar fáil - leagann sé amach na cuspóirí agus na tosaíochtaí a bhaineann le soláthar treorach sa scoil

Cuireann an plean leis an soláthar treorach trí riachtanais na ndaltaí a aimsiú

Díríonn an plean acmhainní na scoile ar na réimsí ina bhfuil géarghá leo

Tugann an plean seans don bhfoireann páirt dhearfach a ghlacadh, trí chomhoibriú, i bhforbairt agus ins na hathraithe a theastaíonn.

IS DLÚTHCHUID DE OLLPHLEAN NA SCOILE É AN PLEAN UM THREOIR SCOILE.

[1] Acht um Oideachas 1998, Rannóg 9c

[2] Ibid Rannóg 21.

1.2 NA POLASAITHE AGUS NA TIONSCNAIMH/STAIDÉIR IS DEIREANAÍ

Tugann an rannóg seo foramharc gearr ar na polasaithe, na staidéir agus na tionscnaimh chuí atá mar chúlra agus mar chomhthéacs le *Ag Pleanáil an Chláir um Threoir Scoile*.

1.2.1 POLASAÍ

AN TACHT UM OIDEACHAS, 1998
Éilíonn an tAcht ar an mBord Bainistíochta sa scoil plean scoile a fhorbairt bunaithe ar riachtanais na scoile. Is cuid den phlean scoile é an plean um threoir scoile. Éilíonn an tAcht ar na scoileanna 'a dheimhniú go mbíonn teacht ag na daltaí ar threoir oiriúnach' (Rannóg 9c) Leagann an tAcht amach na freagrachtaí agus na feidhmeanna atá ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus ag na scoileanna maidir le treoir.

I dtaca le seo ba chóir breathnú ar *Treoirlínte do Scoileann Dara Leibhéil faoi Impleachtaí Rannóg 9 (c) den Acht um Oideachas maidir le teacht daltaí ar threoir oiriúnach* a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

1.2.2 NA TIONSCNAIMH AGUS NA STAIDÉIR IS DEIREANAÍ

AN TIONSCNAMH PLEANÁLA UM FHORBAIRT SCOILE, 1999
I mBealtaine 1999 d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta beart chun Pleanáil um Fhobairt Scoile a spreagadh i scoileanna chéad leibhéil agus dara leibhéil.

TIONSCADAL PÍOLÓTACH ATHBHREITHNITHE UM THREOIR SCOILE (SGR) 1999–2000
Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo, comhordaithe ag an NCGE cabhrú le scoileanna freagra a aimsiú agus a phleanáil a dhéanamh do riachtanaisí athraitheacha agus do inniúlachtaí na ndaltaí tríd an gclár um threoir sa scoil.

DEARCADH PRÍOMHOIDÍ AR AN SEIRBHÍS TREORACH IN IARBHUNSCOILEANNA, 1998
Léirigh an tráchtaireacht seo go raibh an chuid is mó den phleanáil um threoir ins na scoileanna neamhfhoirmiúil.

INIÚCHADH AR THREOIR SCOILE IN IARBHUNSCOILEANNA, 2000
Rinne an NCGE Iniúchadh in 1999-2000 ar sholáthar um threoir in iarbhunscoileanna ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta (DES).

AN TIONSCNAMH UM FHEABHSÚ TREORACH (GEI), 2001
Bhain 103 scoil tairbhe as an GEI a thosaigh i Lúnasa 2001. Fuair na scoileanna seo acmhainní treorach breise ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar bhonn scéim mhionchruinn a chur ar fáil.

AG DÉANAMH SAINRÉIMSE UM FHOGLAINN FEADH AN tSAOIL DEN EORAIP, 2001
Áiríonn an doiciméad polasaí seo tábhacht na treorach mar dhlúthchuid den fhoghlaim feadh saoil.

(Féach Aguisín I)

CAIBIDIL 2

Treoir ins na Scoileanna

2.1 CAD A CHIALLAÍONN TREOIR INS NA SCOILEANNA?

Séard atá i gceist le treoir ná réim de eispéiris fhoghlama a chuirtear ar fáil in ord céimneach chun cabhrú le daltaí roghanna a dhéanamh faoina saol agus chun na hathchóirithe a dhéanamh a leanann na roghanna seo. Is féidir na roghanna a rangú i dtrí réimse atá scartha agus nasctha le chéile ag an am céanna:

- Pearsanta agus sóisialta
- Oideachasúil
- Gairmiúil

Tá réim de ghníomhaíochtaí agus de sheirbhísí treorach agus comhairlithe i gceist i soláthar treorach ins na scoileanna. (Féach *Treoirlínte do scoileanna dara leibhéil faoi Impleachtaí Rannóg 9 (C) den Acht um Oideachas (1998) maidir le teacht daltaí ar threoir oiriúnach*, a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, chun foramharc a fháil ar thábhacht na treorach). Cuimsíonn an sainmhíniú seo na téarmaí; 'treoir chomhairleach' agus 'treoir agus comhairliú' atá comhchiallach leis an réim gníomhaíochtaí a leagtar amach thíos. Ins an bhfoilseachán seo úsáidtear an téarma 'treoir' ar son na símplíochta agus cuimsíonn sé an réim leathan sin de ghníomhaíochtaí.

2.1.1 GNÍOMHACHTAÍ TREORACH A CHABHRAÍONN LE DALTAÍ ROGHANNA A DHÉANAMH:

- **Comhairliú** - ag cabhrú le daltaí a smaointe, a mothúcháin agus na roghanna atá acu a chíoradh. Ag tabhairt aire agus tacaíochta do dhaltaí a bhíonn ag foghlaim conas déileáil leis na gnéithe go léir a bhaineann le fás aníos.
- **Measúnú** - Ag cabhrú le daltaí féintuiscint níos fearr a bheith acu trí úsáid a bhaint as triallacha síceolaíochta agus fordal eile.
- **Eolas** - ag cur eolas fíorasach oibiachtúil ar fail do dhaltaí ar oideachas agus deiseanna traenála, ar ghairmeacha, ar phostanna, ar chearta etc.
- **Comhairle** - ag déanamh moltaí bunaithe ar eolas agus ar thaithí an comhairleora.
- **Cláracha um Fhorbairt Oideachais** - an t-eolas agus na scileanna a bhaineann le staidéar, déanamh scrúdaithe, roghnú ábhar agus leibhéal a chur ar fáil go héasca.
- **Cláracha i bhForbairt Phearsanta agus Shóisialta** - an t-eolas agus na scileanna a bhaineann le forbairt phearsanta agus shóisialta an dalta, le féinaithne, le cinneadh ar chomhairle agus le pleanáil a chur ar fáil go héasca.
- **Cur ar aghaidh** - Tá dhá chineál gníomhaíochta i gceist anseo:
  - **i)** Cur ar aghaidh dalta ag an gcomhairleoir treorach chuig lucht gairme lasmuigh den scoil, e.g. An tSeirbhís Náisiúnta um Shíceolaíocht san Oideachas (NEPS);
  - **ii)** Cur ar aghaidh dalta ag múinteoirí ag an mBord Bainistíochta, ag bainisteoireacht na scoile, ag tuismitheoirí chuig an comhairleoir treorach. Ní mór do gach éinne atá i gceist géilleadh do rannpháirtíocht thoilteanach an dalta a chuireadh ar aghaidh i gcomhair comhairleóireachta.

2.1.2 GNÍOMHAÍOCHTAÍ A CHABHRAÍONN LE DALTAÍ ATHCHÓIRITHE A DHÉANAMH:

- **Oideachas Gairme / Cláracha um athchóirithe gairme** - ag cur ar chumas daltaí athchóirithe a dhéanamh chun dul ar aghaidh chuig ardoideachas, traenáil agus fostaíocht.
- **Saol na hoibre** - Taithí oibre, breathnú oibre agus ag ullmhú daltaí don fhostaíocht.
- **Lorgaireacht** - súil a choimeád ar iardhaltaí maidir lena mbealaí gluaiseachta agus lena gcuspóirí.

2.1.3 GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE TREORACH A CHUIDÍONN CHUN AIDHMEANNA AN CHLÁIR UM THREOIR SCOILE A BHAINT AMACH:

- **Dul i gcomhairle** - le tuismitheoirí, le foireann na scoile agus leis na daltaí.
- **Aiseolas** - ag tabhairt aiseolais don Bhord Bainistíochta, do bhainisteoireacht na scoile agus don bhfoireann ar riachtanais dhalta amháin, grúpa daltaí agus ar riachtanais na scoile mar eagraíocht agus ar conas atá an clár um threoir scoile ag tabhairt tacaíochta do roghanna agus athchóirithe na ndaltaí.
- **Nascaireacht** - Ag buanú nascanna le fostóirí, gníomhaireachtaí agus institiúidí chun an obair threorach a déantar le daltaí a fheabhsú.
- **Athraithe a chur i bhfeidhm** - ag cabhrú le forbairt an churaclaim ins an scoil.
- **Stiúradh, eagrú agus comhordú** - gníomhaíochtaí treorach ins an scoil chun clár cuimsitheach a chur le chéile.

2.1.4 Tá cineál agus réim na ngníomhaíochtaí treorach a rianaítear in 2.1.1, 2.1.2 agus 2.1.3 thuas bunaithe ar an bprionsabal go mbaineann an treoir leis an scoil ar fad chom maith le bheith ina sainréimhse den oideachas.

CAIBIDIL 3

An Plean um Threoir Scoile

Léiríonn an caibidil seo Comhpháirteanna agus Leagan Amach an Chláir um Threoir Scoile.

3.1 SÉARD ATÁ I GCEIST LEIS AN CLÁR UM THREOIR SCOILE

ná sraith ghíomhaíochtaí foghlama a chuireann an scoil ar fáil mar fhreagra ar riachtanaisí treoir na ndaltaí. Cuireann roinnt prionsabal taca faoin gclár um threoir scoile.

NA PRIONSABAIL

Ní mór don chlár um Threoir Scoile:

- Teacht a bheith ag daltaí ar an gclár gan dua.
- Glacadh leis an treoir mar shainréimse san oideachas.
- Glacadh leis an treoir mar chúram atá ag an scoil go léir.
- A bheith neamhchlaon
- A bheith dalta-lárnach
- A bheith follasach
- A bheith cothram
- A bheith cuimsitheach
- A bheith freagrach
- Glacadh leis go mbíonn gníomhaíochtaí comhairleoireachta agus treorach faoi rún
- Cabhrú le rannpháirtithe a bheith freagrach as a bhforbairt féin.
- Cothramaíocht deiseanna a chur ar fáil
- Lán - úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn leanúnach

3.2 CAD IS BRÍ LEIS AN BPLEAN UM THREOIR SCOILE?

Is doiciméad céimneach é an plean um threoir scoile a dhéanann cur síos ar an gclár um threoir scoile agus a léiríonn go cruinn conas aghaidh a thabhairt ar riachtanaisí na ndaltaí. Cuirtear an plean um threoir scoile le chéile i gcomhar leis na comhpháirtithe scoile go léir chun a dheimhniú go léiríonn sé riachtanais aitheanta na ndaltaí. Tá an plean um threoir scoile ina dhlúthchuid den ollphlean scoile. Tá sé forásach d'aonghnó le gníomhaíochtaí céimneacha atá eagraithe agus curtha i bhfeidhm i gcomhar le comhairleoirí treorach, múinteoirí, bainisteoireacht na scoile, Bord Bainistíochta, foirne ceapadh cláracha, daltaí agus tuismitheoirí. Tá sainmhíniú mionchruinn ar na rólanna éagsúla i rannóg 4.

Rianaíonn agus léiríonn an plean um threoir scoil an réim iomlán gníomhaíochtaí lena dtugann an scoil aghaidh ar riachtanaisí na ndaltaí trí chabhrú leo ina bhforbairt pearsanta, sóisialta, oideachasúil agus gairmiúil.

3.3 SAINEILIMINTÍ DEN PHLEAN UM THREOIR SCOILE

Ní mór don phlean um threoir scoile aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo leanas:

(i) Cad atá beartaithe ag an scoil a chur ar fáil ina clár treorach? (AIDHMEANNA)

(ii) Cé h-iad na daoine a thabarhfar tosaíocht dóibh chun tairbhe a bhaint as an soláthar? (SPRIOCGHRÚPAÍ)

(iii) Cad iad na torthaí treorach a mbeifear ag súil leo ó na spriocghrúpaí? (CUSPÓIRÍ)

(iv) Conas is féidir na torthaí treorach seo a bhaint amach? (GNÍOMHAÍOCHTAÍ)

(v) Cad iad na hacmhainní atá ar fáil chun na torthaí seo a bhaint amach? (ACMHAINNÍ)

(vi) Conas a bhíonn a fhios ag an scoil go bhfuil na cuspóirí bainte amach (MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ)

3.3.1 AIDHMEANNA

Is féidir na h-aidhmeanna a fháil as foinsí, comhthéacsanna agus ó chomhpháirtithe éagsúla mar shampla:

(i) An sainmhíniú treorach de réir 2.1 thuas.

(ii) An tAcht um Oideachas (1998) de réir 1.2.1 thuas.

(iii) *Treoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéil faoi Impleachtaí Rannóg 9(c) den Acht um Oideachas (1998) maidir leis an teacht atá*

ag daltaí ar threoir oiriúnach, a d'eisigh An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

(iv) Ráiteas mhisean agus scéim aislingeach na scoile agus na bunaidhmeanna de réir plean na scoile.

(v) An timpeallacht áirithe shóisialta agus eacnamaíochta ina bhfeidhmíonn an scoil.

(vi) Tuairimí na gcomhpháirtithe scoile (daltaí, tuismitheoirí, foireann, bainisteoireacht,pobal áitiúil) ar conas is fearr na hacmhainní atá ar fáil a úsáid.

(vii) Riachtanaisí aitheanta na spriocghrúpaí.

(viii) Na héilimh a dhéanann an timpeallacht áitiúil/réigiúnda, náisiúnta, sóisialta agus eacnamúil.

(ix) An clár treorach atá ag an scoil faoi láthair.

3.3.2 SPRIOCGHRÚPAÍ

Ceann de na príomhbhuntáistí a bhaineann leis an bplean um threoir scoile ná go n-úsáidtear na hacmhainní atá ar fáil chun freastal ar riachtanaisí agus ar thosaíochtaí aitheanta. Ní mór don phlean um threoir scoile riachtanais na ndaltaí go léir ag gach leibhéal ins an scoil a chur san áireamh. Ba chóir don scoil cothramaíocht a sholáthar idir na gnéithe pearsanta agus sóisialta, oideachasúil agus gairmiúil den treoir a chuirtear ar fáil.

I gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil, seans go mbeidh ar an scoil tosaíocht a thabhairt do ghrúpaí áirithe i rith na scoilbhliana. Beidh na tosaíochtaí seo bunaithe ar bhreith luachála a dhéanfaidh an scoil de réir bunaidhmeanna na scoile ag cur na riachtanaisí aitheanta, na hacmhainní atá ar fáil, an timpeallacht áitiúil, náisiúnta, shóisialta, eacnamúil ina bhfeidhmíonn an scoil san áireamh. Caithfidh na socraithe seo a bheith bunaithe, go háirithe, ar aidhmeanna an phlean um threoir scoile. Ag leagadh amach na tosaíochta seo ní mór don scoil cuimhneamh ar riachtanaisí an phobail ina bhfuil an scoil suite agus cuimhneamh chom maith ar na tosaíochtaí náisiúnta. Mar shampla thaispeáin an *Plean Forbartha Náisiúnta* (NPD) agus an *Beart Nua um Míbhuntáiste san Oideachas* go bhfuil cabhrú le daoine óga atá i bpriacal mar thosaíocht do na seirbhísí um threoir scoile.

3.3.3 CUSPÓIRÍ (TORTHAÍ TREORACH)

Nuair a bhíonn na cuspóirí agus na spriocghrúpaí soiléir ní mór na torthaí do spriocghrúpaí áirithe a shocrú. Ní mór na cuspóirí (torthaí treorach) a fhreagraíonn do gach aidhm a leagan amach ag cur na n-acmhainní atá ar fáil san áireamh. Caithfidh na cuspóirí a bheith soiléir, réalaíoch, sainiúil agus ionthomhaiste le scála ama. Go hiondúil, ba cheart go n-úsáidfí caint ghníomhach a liostálfadh inniúlachtaí mar *aimsigh, faigh, léirigh, faigh eolas faoi, déan forbairt, cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht etc.* Tá cur síos tábhachtach ar an eolas agus ar na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhaineann le céimeanna éagsúla an oideachais dara leibhéil le fáil in *Treoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéil faoi Impleachtaí Rannóg 9(c) den Acht um Oideachas (1998)* maidir le teacht daltaí ar threoir oiriúnach a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

3.3.4 GNÍOMHAÍOCHTAÍ TREORACH

Is féidir réim leathan gníomhaíochtai a úsáid mar bhealach chun na cuspóirí a bhaint amach. Féach, le do thoil ar:

2.1.1: Gníomhachtaí treorach a chabhraíonn le daltaí chun roghanna a dhéanamh.

2.1.2: Gníomhachtaí a chabhraíonn le daltaí athchóirithe a dhéanamh.

2.1.3: Gníomhaíochtaí eile treorach a thugann tacaíocht chun cuspóirí an chláir um threoir scoile a bhaint amach.

3.3.5 ACMHAINNÍ

Cuimsíonn acmhainní foireann, dáileadh ama, treallamh, ábhar foghlama, ionaid agus an t-airgead a theastaíonn chun na gníomhíochtaí treorach a chur i bhfeidhm agus chun an clár um threoir scoile a riaradh.

Acmhainní Scoile agus Pobail

- An Bord Bainistíochta agus an Príomhoide.
- Comhairleoir(í) treorach.
- Múinteoirí ábhair agus múinteoirí taca foghlama.
- Baill foirne le rólanna foirmiúla (ceann bliana, oide ranga etc.).
- Foirne taca cláracha sa scoil.
- Tuismitheoirí.
- Daltaí.
- Cáinaisnéis scoile - Ba chóir cuid de cháinaisnéis na scoile a chaitheamh ar cheannach ábhar treorach e.g. trialacha síceolaíochta, ábhar gairme.
- Na seomraí treorach (oifig, leabharlann etc).
- Seomraí ranga.
- Áiseanna ríomhaireachta - Ba chóir teacht a bheith ag daltaí ar áiseanna ríomhaireachta I gcomhair treorach mar dhlúthchuid den Phlean Scoile um Threoir agus den Plean Scoile um Theicneolaíochtaí Eolais agus Cumarsáide (TEC).
- Pobal (ionad oibre,cur ar aghaidh, etc).

Acmhainní Náisiúnta

- Gníomhaireachtaí An Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar nós An Lárionad um Threoir san Oideachas (NCGE), An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta san Oideachas (NEPS), An Lárionad Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE).
- Eagraíochtaí gairmiúla agus cumainn ar nós Institiúid na gComhairleoirí Treorach (IGC), Ceardchumainn na múinteoirí agus comhlachtaí bainistíochta.
- An Tionscnamh Pleanála um Fhorbairt Scoile agus fóirne taca na dTionscnamh Náisiúnta eile.
- ICT, acmhainní náisiúnta atá i gcló agus ar video.
- Ábhar trialach.

Ins na haguisíní leis an bhfoilseachán seo tá ceistiúchán chun cíoradh a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil do sholáthar treorach ins an scoil (Aguisín II, Foirm B). Is féidir an ceistiúchán seo a chur in oiriúint do riachtanaisí na scoile.

3.3.6 MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

Caithfidh an scoil soláthar a dhéanamh do mhonatóireacht ar bhonn leanúnach (ar bhonn bliantiúil) agus athbhreithniú (athchruthú ó bhonn le scála ama níos faide, gach tríú bliain, b'fhéidir). Ní mór don scoil a dhéanamh amach (i) chomh héifeachtach is atá na cuspóirí á gcur i gcrích, (ii) Na cúinsí atá ag cur leis na gcur i gcrích sin nó atá ag cur isteach air, agus (iii) Torthaí nach raibh súil leo, riachtanais nach ndearnadh freastal orthu agus, b'fhéidir, spriocghrúpaí nua nó grúpaí atá á nochtadh féin. Cabhraíonn an próiseas le réamhphleanáil i dtreo is go bhfreagraíonn an clár um threoir scoile do riachtanais na ndaltaí i gcónaí.

Tá slite éagsúla ann chun cuidiú leis an monatóireacht agus leis an athbhreithniú, mar shampla:

- Tuairimí na gcomhpháirtithe scoile a lorg.
- Cuntas achomair a cur le chéile faoi na gníomhaíochtaí maraon le hanailís chriticiúil ón gcomhairleoir treoireach.
- Athbhreithniú leanúnach ar spriocghrúpaí.

Ba chóir don mhanatóireacht a bheith ina gníomhaíocht leanúnach. Ní mór tuarascáil scríofa a ullmhú don Bhord Bainistíochta ar bhonn rialta e.g. go bliantúil.

CAIBIDIL 4

Sainmhíniú Rólanna sa Chlár um Threoir Scoile

4.1 RÓL BHAINISTÍOCHT NA SCOILE, NA FOIRNE AGUS NA gCOMHPHÁIRTITHE SCOILE

4.1.1 Tá sé mar chúram ar an m*Bord Bainistíochta agus ar Fhoireann Bhainisteoireacht na scoile* a dheimhniú go bhfuil soláthar agus cleachtadh na treorach sa scoil ar an gcaighdeán is airde gur féidir é a bheith. Cuimsíonn seo stiúradh an phróisis phleanála um threoir i gcomhar leis an gcomhairleoir treorach, le foireann na scoile[1] agus le comhpháirtithe eile scoile, mar shampla, tuismitheoirí. Ní mór do gach scoil géilleadh don Acht um Oideachas (1998) agus 'teacht ar threoir oiriúnach' a chur ar fáil do dhaltaí.

4.1.2 Toisc an traenáil shainiúil atá acu, tá ról gairmiúil *ag comhairleoirí treorach* i ngach ceann de phríomhréimsí na treorach: pearsanta, agus sóisialta, oideachasúil agus gairmiúil. Chomh maith le seo tá ról tábhachtach ag an gcomhairleoir treorach le dul i gcomhairle le bainisteoireacht na scoile i bhforbairt agus in athbhreithniú an phlean um threoir scoile agus leis an treoir a bhuanú sa churaclam. Déantar mionscrúdú ar an ról atá ag an gcomhairleoir treorach i rannóg 4.2 thíos.

4.1.3 D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag *múinteoirí ábhair* ag tabhairt tacaíochta, eolais agus comhairle do dhaltaí maidir lena n-ábhar scoile agus na gairmeacha a bhaineann leo. Tá cúramaí breise foirmiúla ag múinteoirí áirithe trí bhainisteoireacht trí rólanna um aire thréadach, rólanna comhordaithe agus trí bheith rannpháirteach i gcláracha ar nós SPHE. B'fhéidir go rachadh daltaí chuig múinteoirí áirithe ag lorg eolais agus comhairle. Is féidir le múinteoir ar bith dul i gcomhairle leis an gcomhairleoir treorach faoi raichtanais dhalta aonair agus/nó an dalta a chur ar aghaidh faoi rún go dtí an comhairleoir treorach nuair atá gá le hinniúlacht shainiúil.

4.1.4 Is ag *tuismitheoirí* atá an tionchar is mó go díreach agus go hindíreach arna roghanna a dhéanann daoine óga. Tá tionchar mór ag tuismitheoirí ar an timpeallacht ina maireann daoine óga agus ar luachanna, ar mheon agus ar an nós maireachtála a bhíonn acu. Tá páirt thábhachtach ag tuismitheoirí ag cabhrú le leagan amach riachtanas agus tosaíochtaí an chláir un threoir scoile agus ag tabhairt tacaíochta don chlár. Is féidir le tuismitheoirí a bheith páirteach sa phróiseas treorach chom maith le

(i) Dul i gcomhairle leis an gcomhairleoir treorach agus baill eile de fhoireann na scoile.

(ii) Freastal ar chruinnithe eolais agus cruinnithe cuí eile sa scoil.

(iii) Bheith rannpháirteach i bhforbairt agus in athbhreithniú an phlean um threoir scoile.

Agus más féidir

(iv) Cabhair phearsanta a sholáthar don chlár um threoir scoile.

4.1.5 Tá an clár um threoir scoile dírithe ar na daltaí agus tá sé de cheart acu ionchur a bheth acu i bhforbairt an chláir um threoir scoile. Go háirithe, is féidir le daltaí (trí chomhairle na ndaltaí) cabhrú chun riachtanais agus tosaíochtaí an chláir um threoir scoile a aimsiú agus a bhuanú. Tá aiseolas uathu ar an bpróiseas athbreithnithe thar a bheith tábhachtach.

[1] (go háirithe an ceangal idir bhaile-scoil-pobal - HSCL, Aire Thréadach, Múinteoir Taca Foghlama, agus comhordaitheoirí cláracha do Chlár na hIdirbhliana - TYP, An Ardteistiméaracht Fheidhmeach - LCA, An Clár um Ardteistméaracht Ghairmiúil - LCVP, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte - SPHE).

4.1.6 Cuireann an pobal áitiúil trína ghníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus institiúidí acmhainní ar fáil do dhaoine óga maidir le hiniúchadh gairme agus cineálach eile cabhrach agus tacaíochta. Cuimsíonn gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus institiúidí mar seo soláthraithe traenála, oideachais bhreise agus ardoideachais, fostaíochta agus seirbhísí do dhaoine óga

4.1.7 I gcásanna áirithe éilíonn riachtanaisí daoine óga go gcuirfí ar aghaidh iad chuig lucht gairme lasmuigh den scoil.

4.2 RÓL AN CHOMHAIRLEOIR TREORACH

Tá comhairleoirí treorach oilte go gairmiúil chun tabhairt faoi na tascanna seo leanas sa chlár um threoir scoile:

4.2.1 **Comhairliú:** Ag cur ar chumas daltaí cinneadh ar chomhairle a dhéanamh, fadhbanna a réiteach, iompar a leasú, deachrachtaí pearsanta a fhuascailt. Is féidir an gníomhaíocht seo a chur ar fáil tré comhairliú pearsanta, comhairliú oideachasúil nó comhairliú gairme a chur ar fáil nó meascán de na seirbhísí seo, b'fhéidir. Is dlúthchuid den chlár um threoir scoile í an comhairliú a chuirtear ar fáil do dhuine aonair, nó do ghrúpa mar chuid de phróiseas céimneach foghlama in am an ghátair phearsanta.

Ba chóir comhairliú an dalta aonair a bheith mar chuid den struchtúr tacaíochta a chuireann an scoil ar fáil do dhaltaí. Laistigh den dáileadh ama i gcomhair treorach ní mór go leor ama a thabhairt don fheidhm chomhairleoireachta sa chlár treorach. Ba chóir an bunphrionsabal atá taobh thiar den dáileadh ama seo agus a úsáid a bheith soiléir sa phlean um threoir scoile. Féach *Treoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéil faoi Impleachtaí Rannóg 9[c] den Acht um Oideachas (1998), maidir le teacht daltaí ar threoir oiriúnach* a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

4.2.2 **Tacaíocht:** Tugann an comhairleoir treorach tacaíocht do thuismitheoirí, do mhúinteoirí, do phríomhoide, don Bord Bainistíochta agus do na gníomhaireachtaí a gcuirtear daltaí ar aghaidh chuchu, agus iad ag cuidiú le na dalta ina bhforbairt phearsanta, shóisialta, ghairme agus oideachasúil. Cuimsíonn a leithéid de thacaíocht labhairt amach ar son dalta. Cuimsíonn sé chomh maith cuidiú le pleanáil agus forbairt na ngníomhaíochtaí in SPHE, JCSP[1], TYP, LCA, LCVP, PLC[2] ,a bhaineann le treoir.

4.2.3 **Measúnú:** Tá an comhairleoir treorach oilte chun úsáid a bhaint as réim de thrialacha síceolaíochta agus modhanna eile measúnaithe cun tacaíocht a thabhairt do chuspóirí cuí an chláir um threoir scoile. D'fhéadfadh baint a bheith ag na cuspóirí seo le pleanáil ghairme agus oideachais, cinneadh pearsanta a dhéanamh agus forbairt féin - aithne.

4.2.4 **Eolas:** Ag cabhrú le daltaí eolas a fháil, a thuiscint agus a úsáid maidir lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta, oideachasúil agus gairmiúil.

4.2.5 **Gníomhaíochtaí Treorach sa Rang:** Ag cur eispéiris fhoghlama ar siúl sa rang a bhaineann leis an gclár um threoir scoile. Cuimsíonn na heispéiris seo eolas a thabhairt, teicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide (ICT)

[1] JCSP - Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh.

[2] PLC - Clár Iar-Teistiméireachta.

forbairt scileanna (e.g. pleanáil, cinneadh a dhéanamh, scileanna staidéir, cumarsáid, measúnú luachanna) agus ullmhúchán do ghairm.

4.2.6 **Pleanáil agus Eagrú Oibre san Ionad Oibre:** Ní mór do scoileanna eispéiris fhoghlama a chur ar fáil bunaithe ar obair nó ar aithris ar obair a bhaineann le cuspóirí pearsanta agus sóisialta, oideachasúla agus gairmiúla an chláir um threoir scoile. Cuimsíonn eispéiris mar seo taithí oibre, breathnú ar obair, cuairteanna ar ionaid oibre, ionaid thraenála agus institiúidí ardoideachais etc. Ní mor dul i gcomhairle leis an gcomhairleoir treorach faoi na cúrsaí seo agus a chinntiú go mbeidh sé rannpháirteach iontu.

4.2.7 **Cur ar Aghaidh:** Ag lorg cabhrach do dhaltaí ó lucht gairme lasmuigh den scoil e.g. NEPS, de réir modhanna caighdeánacha. Tugann an comhairleoir treorach tacaíocht chomh maith do dhaltaí a chuireann múinteoirí, tuismitheoirí agus bainisteoireacht na scoile chuichi/chuige. Caithfear géilleadh do rannpháirtíocht thoilteanach an dalta atá i gceist.

4.2.8 **Forbairt Ghairmiúil:** Ní mór don chomhairleoir treorach a choimeád suas le cúrsaí a bhaineann le traenáil le hoideachas, le hobair agus le cúram leanaí. Ba chóir don Bhord Bainistíochta agus do bhainisteoireacht na scoile seans a thabhairt don chomhairleoir treorach freastal ar imeachtaí a bhaineann lena gcuid oibre agus ar chúrsaí inghairme um oiliúint ghairmiúil i rith na scoilbhliana. Ba chóir freastal ar na himeachtaí seo a bheith bainteach le cuspóirí an chláir um threoir scoile. Ba chóir freastal ar imeachtaí lasmuigh den scoil a shocrú roimh ré trí chomráití idir an Bhord Bainistíochta, bhainisteoireacht na scoile agus an chomhairleoir treorach.

CAIBIDIL 5

An Próiseas Pleanála

Déanann an caibidil seo scrúdú ar na nithe gur ghá a mheas nuair a tosáitear ar an phróiseas pleanála gairmiúil a thosnú.



5.1 SCÁLAÍ AMA AGUS CÉIMEANNA TÁBHACHTACHA

Ní mór do scoileanna scála ama a leagan amach i gcomhair forbairt an phlean treorach agus i gcomhair a mhonatóireachta agus athbhreithnithe. Éilíonn seo ionchur ama nach beag ó fhoireann na scoile. Athróidh an t-ionchur ama ó scoil go scoil.

Seans go bhfuil Plean um Fhorbairt Scoile agus/nó clár treorach i bhfeidhim cheana féin ag roinnt scoileanna a fhreagraíonn a bheag nó a mhór don sainmhúnla a chuirtear i láthair sa bhfoilseachán seo. D'fhéadfadh scála ama níos giorra a bheith i gceist i scoileanna mar seo.

Léiríonn clár 1 an scála ama a mholtar do na céimeanna éagsúla atá i gceist i bhforbairt an phlean don chéad uair.

5.2 AG CUR TÚS LEIS AN bPRÓISEAS PLEANÁLA: RÓLANNA

- Tá sé mar chúram ar an mBord Bainistíochta trid an bPríomhoide tús a chur leis an bpleanáil um threoir agus an fhoireann a spreagadh chun a bheith rannpháirteach sa phróiseas.
- Is é an ról atá ag an gcomhairleoir treorach ná a bheith chun tosaigh sa phróiseas pleanála um threoir toisc an cúram atá air/uirthi agus toisc go bhfuil oiliúint shainiúil aige/aici.
- Tá páirt ag foireann na scoile go léir sa chlár treorach agus ní mór iad a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas.

5.3 DUL I gCOMHAIRLE LEIS AN bhFOIREANN – MODHANNA

Tá sé riachtanach go mbéadh an fhoireann rannpáirteach ó thús go deireadh sa phróiseas pleanála agus chun iad a tharraingt isteach sa phróiseas ní mór:

- Iad a chur ar eolas faoi éilímh an Achta um Oideachas maidir le treoir.
- Iad a chur ar eolas faoin tséirbhís treorach atá ar fáil sa scoil faoi láthair.
- Iad a chur ar eolas faoi cad atá i gceist le pleanáil treorach.
- Cuireadh a thabhairt dóibh ionchur a bheith acu sa phlean treorach.

CLÁR 1:
SCÁLA AMA A MHOLTAR DO NA CÉIMEANNA I BHFORBAIRT PLEAN UM THREOIR SCOILE DON CHÉAD UAIR

CÉIMEANNA AN PHLEAN UM THREORACH SCOILE	BLIAIN 1			BLIAIN 2		
	TÉARMA 1	TÉARMA 2	TÉARMA 3	TÉARMA 1	TÉARMA 2	TÉARMA 3
1. Ag forbairt Bunphrionsabal/ Aidhmeanna	✓					
2. Spriocghrúpaí	✓					✓
3. Ag forbairt Cuspóirí don Phlean Treorach	✓	✓	✓			✓
4. Ag forbairt Gníomhaíochtaí Treorach		✓	✓	✓	✓	✓
5. Aimsiú Achmainní		✓	✓	✓	✓	✓
6. Monatóireacht agus Athbhreithniú				✓	✓	✓

Téann cuid de na gníomhaíochtaí sa scála ama isteach ina chéile agus tá cuid eile acu ann tríd síos. Braitheann an méid ama a thógann sé an plean scoile a fhorbairt ar an mbainisteoireacht agus ar an am atá ar fáil don fhoireann, ar phlean um threoir scoile a bheith ag an scoil cheana féin nó ar an gcéim ata bainte amach ag an scoil i bhforbairt plean scoile etc. Dá bhrí sin beidh ar chumas roinnt scoileanna an próiseas a mholtar sa chlár thuas a chur chun cinn níos éasca

Ag tarraingt ar thaithí an Athbhreithnithe um Threoir Scoile d'fhéadfaí deathoil agus rannpháirtíocht na foirne a fháil le ceann de na bealaí seo a usáid.

(i) D'fhéadfadh an Próiomhoide agus an comhairleoir treorach teacht le chéile roimh ré chun dul i gcomhairle leis an bhfoireann a phleanáil. Eagraítear cruinniú foirne ansin agus roinntear an fhoireann i ngrúpaí oibre. D'fhéadfadh gach grúpa oibre díriú isteach ar na riachtanais threorach atá ag grúpa bliana faoi leith.

Nó

(ii) Tagann sainghrúpa ón bhfoireann - e.g. comhairleoir treorach, cinn bhliana/ foireann um aire thréadach le chéile roimh ré chun dréacht gearr a chur le chéile a thugann foramharc ar an soláthar treorach atá ann faoi láthair agus ar an bpróiseas pleanála um threoir. Cuirtear an doiciméad i láthair ag cruinniú foirne, ar aghaidh chuig an Bord Bainistíochta agus chuig na comhpháirtithe oideachais chun tuairimí breise a fháil.

Tá sé le tuiscint go gceapfaidh scoileanna a leaganacha féin de na samplaí thuas. Tá sé riachtanach, áfach, a dheimhniú go mbéadh an dul igcomhairle forleathan agus go gcothófaí an tuiscint go mbíonn an phleanáil um threoir mar chúram ag an scoil ar fad.

De réir mar a théann an próiseas pleanála chun cinn ní mór aghaidh a thabhairt ar gach gné den phlean treorach. Leagadh amach iad I rannóg 3.3 mar seo:

- AIDHMEANNA
- SPRIOCGHRÚPAÍ
- CUSPÓIRÍ
- GNÍOMHAÍOCHTAÍ
- ACMHAINNÍ
- MONATÓIREACHT AGUS AITHBHREITHNIÚ

Ba chóir go n-éireodh gach ceann de gnéithe seo as rannpháirtíocht fhorleathan na foirne. Sa tslí seo seachnófar aon chlaonadh chun an plean a dhéanamh imeallach. Ba chóir go dtiocfadh rannpháirtíocht na foirne go nádúrtha as an gcur chuige a rianaíter thuas.

5.4 ÉILÍONN TREOIR ANAILÍS

Tá bealaí éagsúla ann chun riachtanais na ndaltaí a aimsiú:

- Dul i gcomhairle le Comhairle na nDaltaí / Iniúchadh a dhéanamh ar na daltaí féin.
- Dul i gcomhairle le tuismitheoirí.
- Teacht ar riachtanais na ndaltaí trí labhairt leis an bhfoireann.
- Dul i gcomhairle le fostóirí áitiúla.
- Dul i gcomhairleil gcomhairle le hiardhaltaí na scoile.
- Breathnú ar fhoilseacháin chomhairleach, a bhaineann le hábhar.

Is é an cur chuige is fearr ná comhcheangailt de na bealaí agus de na modhanna seo a úsáid.

Is féidir measúnú riachtananas a riar le hagallaimh (tógann sé go leor ama ach tugann sé deis buneolas a bhailiú), le sainghrúpaí, nó le ceistiúcháin. Moltar go mór go mbéadh daltaí rannpháirteach sa phróiseas. Lorg dhá scoil a ghlac páirt sa tionscadal píolótach (SGR) tuairimí na ndaltaí maidir lena riachtanais threorach. Fuair siad amach gur cleachtadh torthúil a bhí ann agus tháinig siad ar roinnt riachtanas a bhí ag na daltaí nach raibh ar eolas ag an bhfoireann. Lorg scoil eile tuairimí ó Chomhairle na dTuismitheoirí agus arís ba chleachtadh torthúil é. Ins an tionscadal píolótach cruthaíodh modhanna chun teacht ar riachtanais na ndaltaí trí phlé foirne. Is féidir iad seo a fháil in Aguisín II (Gníomhaíochtaí 2 & 4)

5.5 GLACADH LEIS AN BPLEAN

Tar éis dul I gcomhairle ar leibhéal cuí, analaís riachtanas agus plé, ba chóir do stiúrghrúpa beag dréacht i gcómhair plean treorach a chur le chéile ag deimhniú go gcuirtear na heilimintí go léir in 3.3 san áireamh.

Nuair atá dréacht den phlean um threoir scoile ar fáil moltar é a scaipeadh i measc na foirne agus i measc na gcomhpháirtithe oideachais chun a dtuairimí a fháil. Ansin is féidir an plean treorach a leasú agus é a chur faoi bhráid an Bhord Bainistíochta. Ba chóir don Bhord Bainistíochta glacadh go foirimiúil leis an bplean um threoir scoile.

Is dlúthchuid í an plean um threoir scoile den Phlean um Fhorbairt Scoile agus ba chóir é a chur san áireamh mar is cuí (e. g. tagairt a bheith ann dó sa phríomthéacs agus mioneolas faoi san aguisín) agus ní mór é a chur ar fáil do thuismitheoirí, do dhaltaí agus do chomhpháirtithe oideachais sa cheantar.

5.6 GNÍOMHAÍOCHTAÍ LORGAIREACHTA AGUS ATHBHREITHNIÚ

5.6.1 Pleanáil Ghníomhach

Nuair a ghlacann an Bord Bainstíochta leis an bplean treorach is doiciméad foirmiúil scoile é. Ba chóir sraith Beartanna a dhíríonn ar gach gné den phlean um threoir scoile a fhorbairt anois i dtreo is go bhféadfaí freastal ar gach riachtanas aitheanta a sholáthar. I measc na mbuntáistí a bhaineann leis an gcur chuige sin:

- Bhéadh gach Beart ag déileáil le riachtanas sainiúil, agus mar sin chabhródh sé le cur i bhfeidhm an Phlean ar bhonn céimneach.
- Bhéadh gach Beart ag feidhmiú laistigh de scála ama atá socraithe.
- Bhéadh gach Beart oscailte do mhonatóireacht agus athbhreithniú.

Cuirtear Beartanna samplacha ar fáil in Aguisín III

5.6.2 Athbhreithniú agus Athchruthú

Caithfear monatóireacht a dhéanamh ar an bplean um threoir scoile ar bhonn leanúnach mar a léirítear i rannóg 3.3.6. B'fhéidir go léireofaí go bhfuil gá le athchruthú cuimsitheach sa chlár um threoir scoile de bharr torthaí athbhrethnithe agus de bharr athruithe ins na coinníollacha sóisialta agus eacnamaíochta. Mar sin, d'fhéadfaí go mbéadh gá leis an gclár um threoir scoile a athchruthú chun spriocghrúpaí nua daltaí, riachtanaisí breise daltaí agus tosaíochtaí nua a chur san áireamh. D'fhéadfadh sé tárlú go mbéadh gníomhaíochtaí áirithe níos éifeachtaí na cinn eile, nó go mbéadh cuspóirí áirithe gan bhrí le himeacht ama. D'fhéadfadh an comhairleoir treorach breathnú ar a c(h)leachtaí treorach féin féachaint an bhfuil gá lena leasú i gcomhthéacs an chláir.

Éilíonn athchruthú bunúsach an chláir um threoir scoile an cur chuige críochnúil céanna a úsáideadh nuair a chuireadh an plean le chéile don chéad uair. Moltar mar sin go mbéadh dul i gcomhairle le na comhpháirtithe scoile go léir i gcroílár an phróisis seo. D'fhéadfadh sé a bheith ina chuid den athbhreithniú timthriallach a déantar ar ollphlean na scoile.

Leabharliosta

Bloom, BS. (Ed.) Taxonomy of Educational Objectives: The classification of educational goals: Handbook I, cognitive domain.
Longmans, New York, 1956.

Department of Education and Science. Guidelines for Second Level Schools on the implications of Section 9 (c) of the Education Act (1998), relating to students' access to appropriate guidance.
Draft for Consultation. September 2003.

Department of Education and Science. Learning for Life: White Paper on Adult Education.
The Stationery Office, Dublin, 2000.

Department of Education and Science. School Development Planning: An Introduction for Second Level Schools.
The Stationery Office, Dublin, 1999.

Department of Education and Science and the NCGE. Proceedings from Staying Power. A Colloquium on Increasing Retention Rates in Higher Education.
The Stationery Office, Dublin, 1999.

Department of Education and Science and the NCGE. Guidelines for the Practice of Guidance and Counselling in Schools. A Report for the Minister of Education.
Avoca House, Dublin, 1996.

European Commission. Making A European Area of Lifelong Learning A Reality.
DGEAC/DGESA, Brussels, 2001.

Government of Ireland. Education Act.
The Stationery Office, Dublin, 1998.

Government of Ireland. Education Welfare Act.
The Stationery Office, Dublin, 2000.

Government of Ireland. National Development Plan 2000-2006.
The Stationery Office, Dublin, 1999.

Government of Ireland. The New Deal.
The Stationery Office, Dublin, 1999.

Gysbers, Norman, and Patricia Henderson. Developing and Managing Your School Guidance Programme, 3rd Ed.
ACA, US, 2000.

Herr, Edwin L and Stanley H. Cramer. Career Guidance and Counselling Through the Lifespan: Systematic Approaches. 4th ed.
Harper Collins Publishers, US, 1992.

McKenna, Peter, McNamara, Gerry and Terry Barrett. Principals' Perceptions of the Guidance Service in Post Primary Schools.
NCGE, Dublin, November 1997.

NCGE. Briefing Document. School Guidance Review and Development Planning. Report on Pilot Project.
NCGE, 2000.

NCGE. Guidance and Counselling in Post-Primary Schools: In-School Activities for School Management, Guidance Counsellor, Subject Teachers.
NCGE, 2000.

NCGE. Audit of Guidance and Counselling in Post-Primary Schools.
NCGE, 2001.

Aguisíní

Aguisín I
Tionscnaimh Tacaíochta agus Tráchtaireachtaí

AN TIONSCNAMH PLEANÁLA UM FHORBAIRT SCOILE (SDPI), 1999

Bunaíodh an Tionscnamh Pleanála um Fhorbairt Scoile sa bhliain 1999. Tá sé mar chuspóir aige feabhasú agus éifeacht scoile a spreagadh trí chomhar - phleanáil chéimneach. Cuimsíonn an tacaíocht a thugann sé do na scoileanna cláracha inseirbhíse, seirbhísí comhairleacha agus cabhrach, agus acmhainní ábhartha i gcló agus ar an suíomh gréasáin. Faoi dheireadh na bliana 2002 bhí deontais thosaithe faighte ag na h-iarbhunscoileanna go léir a dáileadh orthu tríd an tionscnamh chun an próiseas pleanála a chur chun cinn. Tá socraithe don chéad chéim eile den tionscnamh á gcur i gcrích. Tá tuilleadh eolais faoi SDPI ar fáil ó http://www.sdpi.ie

AN TIONSCNAMH PÍOLÓTACH ATHBHREITHNITHE UM THREOIR SCOILE (SGR)

Bhí sé mar aidhm ag an tionscnamh freagra a aimsiú agus a phleanáil ar riachtananaisí athraitheacha agus inniúlachtaí na ndaltaí tríd an chlár um threoir scoile. Thriail an tionscadal modheolaíocht athbhreithnithe agus ábhar treorach (Féach Aguisín III) a chuireadh le chéile ag Coiste Comhairleach ar a raibh ionadaithe ó eagraíochtaí bainisteoireachta agus ó cheardchumainn, ó Institiúid na gComhairleoirí Treorach agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Cuireadh an Tionscnamh Athbhreithnithe um Threoir Scoile ar siúl i naoi scoil. Ar na torthaí a tuairiscíodh bhí:

- Tuiscint níos fearr don treoir mar ghníomhaíocht don scoil ar fad agus do na rólanna difreálacha a bhaineann leis.
- Aimsiú lochtanna ar an soláthar treorach atá ar fáil ins na scoileanna píolótacha faoi láthair.
- Tuiscint níos fearr ag bainisteoireacht scoile do fhíor-riachtanais na ndaltaí.
- Tuiscint agus meas níos fearr ar an obair a dhéanann an comhairleoir treorach

Scaipeadh billeog eolais faoin tionscadal ar na scoileanna go léir i mBealtaine 2000. Chuir taithí na scoileanna a bhí páirteach agus tairbhe na modheolaíochta agus an ábhair go mór le forbairt an fhoilseacháin seo.

Tá tuilleadh eolais faoi SGR ar fáil ó http://www.ncge.ie

AIREACHTÁIL PRÍOMHOIDÍ AR AN TSEIRBHÍS TREORACH IN IARBHUNSCOILEANNA, 1998

Léirigh an fiosrúchán seo go raibh an chuid is mó de phleanáil an chláir um threoir ins na scoileanna neamhfhoirmiúil agus nach raibh cur chuige céimneach ag cur taca leis an bpleanáil seo le dul i gcomhairle. Ag éirí as an bhfiosrúchán seo moladh sainmhíniú a dhéanamh ar phróiseas agus ábhar an chláir um threoir scoile trí threoirlínt a chur ar fáil do na scoileanna. Tá tuilleadh eolais agus cóip den Tuarascáil ar fáil ón NCGE.

AN T-INIÚCHADH AR THREOIR IN IARBHUNSCOILEANNA, 2000

Stiúraigh an NCGE iniúchadh ar sholáthar treorach in iarbhunscoileanna ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta in 1999-2000. Baineann na torthaí seo leanas le hábhar an doiciméid seo:

- Ní raibh Ollphlean um Fhorbairt Scoile ach ag 14% de scoileanna in 1999-2000 agus astu seo rinne 75% tagairt don treoir.
- As an 86% de scoileanna nach raibh Ollphlean um Fhorbairt Scoile acu, ní raibh clár scríofa um threoir scoile ach ag 24%.
- Ba dhóichí go mbéadh Ollphlean um Fhorbairt Scoile le tagairt do threoir nó clár scríofa um threoir scoile ag scoileanna nach raibh sa chóras saoroideachais.

Tá tuilleadh eolais faoin Iniúchadh ar fáil ón NCGE.

TIONSCNAMH UM FHEABHSÚ TREORACH (GEI), 2001-2004

In Earrach na bliana 2001 d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta go mbéadh caoga post treorach coibhéiseach lánaimseartha ann faoin Tionscnamh um Fheabhsú Treorach. Dáileadh na postanna ar scoileanna a rinne moltaí úra i dtaobh treorach do dhaltaí i gceantracha faoi mhíbhuntáiste, ag cothú spéise san eolaíocht agus ag forbairt nascanna le tionscail agus leis an bpobal áitiúil.

Tá tuilleadh eolais faoin GEI ar fáil ó shuíomh gréasáin DES ag http://www.education.ie

AG DÉANAMH SAINRÉIMSE UM FHOGHLAIM FEADH AN TSAOIL DEN EORAIP, 2001

I Samhain 2001 ghlac Coimisiún na hEorpa le *Ag Déanamh Sainréimse um Fhoghlaim Feadh an tSaoil den Eoraip*. Leagann an doiciméad amach moltaí chun Foghlaim Feadh an tSaoil a bhuanú ar fuaid na hEorpa . Tá ról ag eolas, treoir agus comhairleoireacht chun teacht ar fhoghlaim feadh an tsaoil a chur ar fáil trí sheirbhísí treorach a sholáthar.

Tá tuilleadh eolais faoi seo ar fáil ó http://www.europa.eu.int/comm/education/111_en.html

Aguisín II
Athbhreithniú um threoir scoile

CLEACHTAÍ SAMPLACHA

Tá na cleachtaí samplacha thíos ar fáil ar shuíomh gréasáin an NCGE http://www.ncge.ie

CONAS AN T-ÁBHAR A ÚSÁID

An t-ábhar:

- Déan ábhar gníomhaíochtaí a sholáthair le húsáid le linn cruinnithe den fhoireann bainisteoireachta/den fhoireann nó le linn cursaí inseirbhsíse; agus
- Is féidir iad a úsáid mar atá siad nó leasaithe agus curtha in oiriúint do riachtanaisí do scoile féin, don tslí ina mbíonn an fhoireann bainisteoireachta eagraithe nó don mhodh oibre is fearr leat féin

Tá siad leagtha amach mar seo:

- Aimsiú na riachtanas treorach a bhfuil freastal á dhéanamh orthu faoi láthair agus na hacmhainní atá ar fáil chun déileáil leis na riachtanais seo;
- Aimsiú na riachtanas nach bhfuil freastal a dhéanamh orthu agus na hacmhainní a theastaíonn chun déileáil leo;
- Plean um threoir scoile a chur le chéile mar fhreagra ar na riachtanais aitheanta seo agus na hacmhainní atá ar fáil a chur san áireamh.

Is féidir na gníomhaíochtaí seo a úsáid don scoil ar fad (na grúpaí bliana go léir), grúpaí ó bhliain áirithe, nó ranganna áirithe ó bhliain amháin.

Gníomhaíocht I

AG TABHAIRT EOLAIS DO FHOIREANN NA SCOILE FAOI ATHBHREITHNIÚ AR AN gCLÁR UM THREOIR SCOILE AGUS AR MHIONSHAOTHRÚ AN PHLEAN UM THREOIR.

Aidhm: Spéis agus taca na foirne a mhealladh chun athbhreithniú a dhéanamh ar conas atá an clár um threoir scoile ag freastal ar riachtanais na ndaltaí agus ar conas plean a chur le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu faoi láthair.

Am: Tréimhse ranga.

Tasc: Is é atá i gceist sa ghníomhaíocht seo ná:

- Ag tabhairt eolais don fhoireann faoi:
  - **(i)** An tAcht um Oideachas (1998);
  - **(ii)** *Treoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéil faoi Impleachtaí Rannóg (9c) den Acht um Oideachas (1998), maidir le teacht daltaí ar threoir oiriúnach* eisithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta;
  - **(iii)** Cad a chiallaíonn treoir i gcómhthéacs na scoile;
  - **(iv)** Na bunphrionsabail atá mar bhonn le hathbhreithnú a dhéanamh ar an gclár um threoir scoile;
  - **(v)** Torthaí a mbeifí ag súil leo ón athbhreithniú.
  - **(vi)** Buntáistí an athbhreithnithe do dhaltaí, don fhoireann agus do bhainisteoireacht na scoile.

- Ag tabhairt deiseanna chun ceisteanna a chur, tuairimí a nochtadh agus léirmheas a dhéanamh ar na bunphrionsabail, ar na torthaí agus ar na buntáistí;
- D'fhéadfaí moltaí a dhéanamh faoin bpróiseas athbhreithnithe agus faoi conas plean a chur le chéile;
- Bheith ar aon intinn faoi roghnú na spriocghrúpaí (rang, bliain);
- Bheith ar aon intinn faoi conas dul ar aghaidh: Cé hiad na baill den bhfoireann a bhéadh rannpháirteach agus conas, an próiseas comhairleoireachta, agus an scála ama.

Ní mór breathnú ar an bhfoilseachán *Ag Pleanáil an Chláir um Threoir Scoile agus Treoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéi faoi Impleachtai Rannóg 9 (c) den Acht um Oideachas (1998) maidir le teacht daltaí ar threoir oiriúnach* a d'éisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar ullmhúchán don chruinniú seo. Bhéadh sé áisiúil cóipeanna de na foillseacháin seo a bheith ag an gcruinniú do bhaill na foirne gur mhaith leo breathnú orthu.

Gníomhaíocht 2

AG AIMSIÚ RIACHTANAS TREORACH A BHFUIL FREASTAL Á DHÉANAMH ORTHU

Aidhm: Sracfhéachaint a thabhairt ar riachtanais threorach na ndaltaí (scoil, grúpa bliana agus ranga) agus ar conas atá aghaidh á thabhairt orthu.

Am: Tréimhse ranga.

Tasc: Cuinsíonn an ghníomhaíocht seo:

- Roghnú spriocghrúpa bliana nó spriocghrúpa eile daltaí le haghaidh athbreithnithe;
- Torthaí an phlé a bhreacadh síos ar an bhfoirm chuí ar an gcéad leathanach eile;
- Bainisteoireacht na scoile, an comhairleoir treorach agus foireann chuí a bheith páirteach i bplé/athmhachnamh faoin téama seo;

Chun na gníomhaíochtaí treorach a scrúdú níor mhór, b'fhéidir, tagairt a dhéanamh do *Threoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéil faoi Impleachta Rannóg 9 (c) den Acht um Oideachas (1998) maidir le teacht daltaí ar threoir oiriúnach* a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Sa phlé seo chomh maith b'fhéidir gur mhian leat doiciméid chuí a bhaineann le curaclam na scoile agus polasaithe eile agus foilseacháin an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a chur san áireamh.

Sa ghníomhaíocht seo b'fhéidir go bhfaighfeá eolas faoi ghnéithe den treoir go bhféadfaí forbairt a dhéanamh orthu.

Ar an gcéad leathanach eile gheobhaidh tú Athbhreithniú um Threoir Scoile: **Foirm A**, chun an plé a stiúradh agus chun an t-eolas a chomhmheas. Is féidir fótóchóipeáil a dhéanamh ar an bhfoirm nó é a tharraingt anuas ó shuíomh gréasáin an NCGE (www.ncge.ie)

FOIRM A

GRÚPA BLIANA / GRÚPA RANGA: _____

RIACHTANAIS THREORACH DALTAÍ: NA hACMHAINNÍ ATÁ AR FÁIL

RIACHTANAIS THREORACH DALTAÍ	
CAD IAD NA RIACHTANAIS THREORACH ATÁ AG AN NGRÚPA ÁIRITHE SEO?	CAD IAD NA HACMHAINNÍ* ATÁ AR FÁIL CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAISÍ SEO?
1. PEARSANTA AGUS SÓISIALTA	
2. OIDEACHASÚIL	
3. GAIRMIÚIL	

*FOIREANN, CLÁRACHA CURACLAIM, ÁBHAIR, MODHANNA SCOILE, TEAGMHÁIL LE TUISMITHEOIRÍ, TREALAMH ÁBHARTHA, UAIREANNTA / TRÉIMHSÍ RANGA SA TSEACHTAIN, AON RUD EILE - sonaraigh le do thoil.

Gníomhaíocht 3

CAD IAD NA hACMHAINNÍ ATÁ AGAINN DON TREOIR.

Aidhm: Chun na hacmhainní a úsáideann an scoil sa chlár um threoir scoile a aimsiú agus a áireamh.

Am: Tréimhse ranga.

Tasc: Cuimsíonn an ghníomhaíocht seo:

Tá sé mar aidhm ag an ngníomhaíocht seo fardal a dhéanamh de na hacmhainní go léir a úsáidtear faoi láthair sa chlár um threoir scoile. Cuimsíonn tabhairt faoin bhfardal seo grúpa plé ina mbeidh an príomhoide, an comhairleoir treorach agus baill de fhoireann bhainisteoireacht na scoile rannpháirteach ann. Is féidir fótóchóipeáil a dhéanamh ar an liosta seiceála atá ar fáil ar an gcéad leathanach eile, **Foirm B**, nó é a tharraingt anuas ó shuíomh gréasáin an NCGE agus é a scaipeadh i measc na foirne.

B'fhéidir gur mhian leat tagairt a dhéanamh do na foilseacháin a luaitear i Gníomhaíocht 2 chun sainmhíniú ar threoir a fháil.

Foirm B

ACHOIMRIÚ AR ACMHAINNÍ TREORACH

LIOSTA SEICEÁLA DE NA hACMHAINNÍ ATÁ AG AN bhFOIREANN um THREOIR SCOILE FAOÍ LÁTHAIR AGUS DE GHNÍOMHAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE TREOIR

1. An bhfuil comhairleoir(í) treorach ag an scoil faoi láthair?
   Tá ❑ Níl ❑ Uimhir: _____
   Lasmuigh den chuóta ❑
   nó Laistigh den chuóta ❑?

2. Cén dáileadh seachtainiúil a dhéanann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoi láthair i leith uaireannta don chomhairleoir treorach lasmuigh den chuóta don scoil?
   Uaireannta: 8 ❑ 8.8 ❑ 11 ❑ 22 ❑ 33 ❑ 44 ❑

3. Cé mhéid uaireannta múinteoireacht ábhar sa tseachtain a dháileann an scoil ar an gcomhairleoir treorach?
   Uaireannta: 0 ❑ 1-2 ❑ 3-4 ❑

4. An bhfuil aon cheann de na poist seo leanas ag an scoil? Más lasmuigh den chuóta atá i gceist áirigh an méid uaireannta a chaitheann an duine/ na daoine ag múineadh ábhar.

Post faoin Tionscnamh um Fheabhsú Treorach ❑
Méid uaireannta lasmuigh den chuóta: _____
Méid uaireannta ag múineadh ábhar _____

Múimteoir Taca Foghlama ❑
Méid uaireannta lasmuigh den chuóta: _____
Méid uaireannta ag múineadh ábhar: _____

Múinteoir um Cheangal idir Bhaile-Scoil-Pobal ❑
Méid uaireannta lasmuigh den chuóta: _____
Méid uaireannta ag múineadh ábhar: _____

Múinteoir um Oideachas Speisialta/ Múinteoir Acmhainní ❑
Méid uaireannta lasmuigh den chuóta: _____
Méid uaireannta ag múineadh ábhar: _____

Poist /Daoine eile (sonraigh le do thoil):
_____
Méid uaireannta lasmuigh den chuóta: _____
Méid uaireannta ag múineadh ábhar: _____

5. An gcuireann an scoil ar fáil de réir an chlár ama: Ranganna Treorach ❑ Ranganna um Aire Thréadach ❑ Teacht ar ranganna eile a bheith ar fáil don chomhairleoir treorach trí dhul i gcomhairle agus trí shocraithe ❑ Cruinnithe i bpáirt a bheith ag an bhfoireann, an comhairleoir treorach agus foireann bainisteoireacht na scoile ❑ Cruinnithe den Fhoireann um Aire Thréadach ❑
Aon rud eile *(sonraigh le do thoil)*:

_____

6. Cé mhéid uaireannta sa tseachtain a dháileann an scoil ar:
(a) Comhairleoireacht do dhaltaí aonair ag an gcomhairleoir treorach ❑
Méid uaireannta: _____
(b) Ranganna treorach ag an gcomhairleoir treorach ❑
Méid uaireannta: _____
(c) Comhairleoireacht um Aire Thréadach le daltaí aonair ag an gcomhairleoir treorach ❑
Méid uaireannta: _____
(d) Dul i gcomhairle le tuismitheoirí ❑
Méid uaireannta: _____
Iomlán na n-uaireannta: _____

7. Cén Fhoireann um Aire Thréadach, más ann dá leithéid, atá ag an scoil? (Cuir tic le gach bosca cuí) Ceann Bliana ❑ Ceann Ranga ❑ Comhordaitheoir um Aire Thréadach ❑ Séiplíneach ❑ Múinteoir um Cheangal idir Bhaile – Scoil – Pobal ❑
Aon duine eile *(sonraigh le do thoil)*:

_____

8. Cé h-iad na cláracha seo de chuid an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a chuireann an scoil ar fáil?
TYP ❑ LCA ❑ LCVP ❑ JCSP ❑ SPHE ❑
PLC ❑ VTOS ❑
Aon cheann eile *(sonraigh le do thoil)*:

_____

9. Cad iad na cláracha de chuid an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a bhfuair baill den fhoireann oiliúint ina gcomhair?
TYP ❑ LCA ❑ LCVP ❑ JCSP ❑ SPHE ❑
PLC ❑ VTOS ❑
Aon cheann eile *(sonraigh le do thoil)*:

_____

10. Cé acu ceann de na seirbhísí um dhaltaí a chur ar aghaidh agus seirbhísí taca pobail atá ar fáil don scoil?
Clinic um Threoir Leanaí ❑ NEPS ❑
Foireann Leighis ❑ Oibrí Ogánaigh ❑
Síceolaí ón mBord Sláinte ❑
Oibrí Sóisialta ❑
Oifigeach Ceangail le hÓgánaigh ❑
Oifigigh Leasa Oideachasúil ❑
Seirbhísí eile *(sonraigh le do thoil)*:

_____

11. An bhfuil seomraí le trealamh cuí curtha in áirithe ag an scoil don treoir?
(sonraigh le thoil)
Oifig ❑ Seomra ranga do obair ghrúpa ❑
Seomra ríomhaireachta ❑ Leabharlann ❑
Seomraí eile *(sonraigh le do thoil)*:

_____

12. Cén trealamh atá ag an scoil i gcomhair treorach?
Teileafón ❑ Ríomhaire ❑
Módem agus teacht ar an suíomh gréasáin ❑
Comhadchaibinéad ❑
Gléas fótóchóipeála ❑ Seilfeanna ❑
Trealamh eile *(sonraigh le do thoil)*:

_____

13. An bhfuil teacht ag an gcomhairleoir treorach agus ag foireann eile tacaíochta ar:
Tacaíocht rúnaíochta ❑
Gléas fótóchóipeála ❑ Facs ❑
Gléas grinndearcaidh ❑ Cló-inneall ❑
Aon rud eile *(sonraigh le do thoil)*:

_____

14. Cén t-ábhar treorach atá ar fáil sa scoil?
Leabharlann thagartha ábhar ❑
Bog earraí ❑ Téacsanna cuí ranga gur leis an scoil iad ❑ Ábhar ón NCGE ❑
Clos agus amharc ❑
Trialacha Siceolaíochta ❑
Áiseanna chun ábhar a fháil ar iasacht ❑
Téacsleabhair gur le na daltaí féin iad ❑
Aon ábhar eile *(sonraigh le do thoil)*:

_____

15. Cé mhéid airgid a chuireann an scoil ar fáil in aghaidh na bliana don chlár um threoir scoile?
<100 ❑ 100-250 ❑ 250+ ❑ 500+ ❑
1,000+ ❑
Suim eile *(sonraigh le do thoil)*:

_____

Gníomhaíocht 4

AG AIMSIÚ RIACHTANAS TREOIR NACH bhFUIL FREASTAL Á DHÉANAMH ORTHU

Aidhm: Achoimriú a dhéanamh ar riachtanais na ndaltaí nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu faoi láthair.

Am: Tréimhse ranga.

Tasc: Cuimsíonn an tasc seo:

- Roghnú spriocghrúpa bliana nó spriocghrúpa eile daltaí i gcomhair athbhreithnithe.
- Plé / machnamh i ngrúpa ar an teáma seo ina mbéadh bainisteoireacht na scoile, an comhairleoir treorach agus baill chuí den fhoireann rannpháirteach.
- Breachadh síos torthaí an phlé ar an bhfoirm atá ar fáil ar an gcéad leathanach eile.

B'fhéidir gur mhian leat doiciméid chuí a bhaineann le curaclam na scoile agus polasaithe eile scoile maraon le foilseacháin ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta a chur san áireamh sa phlé seo.

Ag éirí as an ngníomhaíocht seo, b'fhéidir go bhfaighfí eolas faoi ghnéithe den treoir go bhféadfaí forbairt a dhéanamh orthu agus faoi na hacmhainní a theastaíonn ins na réimsí nach bhfuil freastal á dhéanamh ar riachtanais.

Ar an gcéad leathanach eile gheobhaidh tú **Foirm C** Athbhreithniú um Threoir Scoile chun an plé a stiúradh agus chun an t-eolas a chomhmheas. Is féidir fótóchóipeáil a dhéanamh ar an bhfoirm seo nó é a tharraingt anuas ó shuíomh gréasáin an NCGE agus é a scaipeadh ar an bhfoireann.

Foirm C

GRÚPA BLIANA/ GRÚPA RANGA: _____

RIACHTANAIS THREORACH NA nDALTAÍ: ACMHAINNÍ A THEASTAÍONN

RIACHTANAIS THREORACH DALTAÍ	
CAD IAD NA RIACHTANAIS THREORACH ATÁ AG AN NGRÚPA ÁIRITHE SEO NACH BHFUIL FREASTAL Á DHÉANAMH ORTHÚ?	CAD IAD NA HACMHAINNÍ AGUS/ NÓ NA MODHANNA A THEASTAÍONN CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS SEO?
1. PEARSANTA AGUS SÓISIALTA	
2. OIDEACHASÚIL	
3. GAIRMIÚIL	

* FOIREANN, CLÁRACHA CURACLAIM, ÁBHAIR, MODHANNA SCOILE, TEAGMHÁIL LE TUISMITHEOIRÍ, TREALAMH ÁBHARTHA, UAIREANNTA/TRÉIMHSÍ RANGA SA TSEACHTAIN, AON RUD EILE - SONRAIGH DO THOIL.

Gníomhaíocht 5

ACHOIMRIÚ AR NA hACMHAINNÍ AGUS/NÓ AR NA MODHANNA ATÁ AG AN SCOIL CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR RIACHTANAIS THREORACH NA NDALTAÍ

Aidhm: Achoimriú ar an bhfianaise atá agat de thoradh gníomhaíochtaí 2, 3 agus 4 i dtreo is gur féidir leat pleanáil a dhéanamh le haghaidh na riachtanas nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu.

Am: Tréimhse ranga.

Tasc: Cuimsíonn an ghníomhaíocht seo:

- Roghnú grúpa bliana nó grúpa ranga a bhfuil ple déanta futhu cheana féin ag baint úsáid as gníomhaíochtaí 2, 3 agus 4 agus a bhfuil torthaí an phlé sin futhu breactha síos.
- An t-eolas a fuarthas trí phlé/mhachnamh i ngrúpa(í) ar thorthaí an phlé seo a chomhmheas, ag cur torthaí na ngníomhaíochtaí éagsúla le chéile. Ba chóir bainisteoireacht na scoile, an comhairleoir treorach agus an fhoireann chuí a bheith i bhfeighil an chúraim seo.
- Breacadh síos torthaí an phlé san Athbhreithniú Treorach **Foirm D1** agus **Foirm D2** ar an gcéad leathanach eile. Tá **Foirm D1** áisiúil chun achoimriú a dhéanamh ar riachtanais threorach na ndaltaí a bhfuil freastal á dhéanamh orthu agus ar na hacmhainní atá á úsaid chun déileáil leis na riachtanais seo. Tá **Foirm D2** ann d'aonghnó chun achoimriú a dhéanam ar riachtanais na ndaltaí nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu agus ar na hacmhainní a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais seo.

Cuirfidh an ghníomhaíocht seo ar do chumas foramharc a fháil ar an bhfreastal atá á dhéanamh ar riachtanais threorach na ndaltaí, ar na hacmhainní atá ag an scoil faoi láthair don chlár um threoir scoile, ar riachtanais na ndaltaí go gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu agus agus na hacmhainní a theastaíonn chun deileáil leo. Ba chóir fótóchóipeáil a dhéanamh ar **Foirm D1** agus **Foirm D2** nó iad a tharraingt anuas ó shuíomh gréasáin an NCGE agus iad a scaipeadh ar an bhfoireann.

Foirm D1

GRÚPA BLIANA / RANGA: _____

ACHOIMRIÚ AR THORTHAÍ AN ATHBHREITHNITHE (FOIRM A)

ACHOIMRIÚ AR NA TORTHAÍ ÓN ATHBHREITHNIÚ TREORACH						
CAD IAD NA hACMHAINNÍ ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR DON CHLÁR UM THREOIR SCOILE?						
Réimse Treorach	Foireann	Traenáil	Curaclam	Áiseanna	Ábhar	Aon rud eile *(sonraigh le do thoil)*
PEARSANTA AGUS SÓISIALTA						
OIDEACHASÚIL						
GAIRMIÚIL						

Foirm D2

GRÚPA BLIANA / RANGA: _____

ACHOIMRIÚ AR THORTHAÍ AN ATHBHREITHNITHE (FOIRM B)

ACHOIMRIÚ AR NA TORTHAÍ ÓN ATHBHREITHNIÚ TREORACH						
CAD IAD NA hACMHAINNÍ/ MODHANNA A THEASTAÍONN CHUN FREASTAL AR RIACHTANAISÍ TREORACH NA SCOILE?						
Réimse Treorach	Foireann	Traenáil	Curaclam	Áiseanna	Ábhar	Aon rud eile *(sonraigh le do thoil)*
PEARSANTA AGUS SÓISIALTA						
OIDEACHASÚIL						
GAIRMIÚIL						

Gníomhaíocht 6

PROMHADH

Aidhm: Tuairimí a lorg ó bhaill eile foirne agus ó chomhpháirtithe eile a bhfuil spéis acu sa scéal e.g Bord Bainistíochta na scoile nó aon ghrúpa eile chuí ar an achoimriú a chuireadh le chéile i nGníomhaíocht 5.

Am: Tréimhse ranga

Tasc: Cuimsíonn an Tasc seo:

- An t-acmhoimriú a chuireadh le chéile i nGníomhaíocht 5 agus an próiseas a bhain leis a chur i láthair baill eile foirne agus comhpháirtithe eile scoile a mbéadh spéis acu ann trí dhul i gcomhairle leo i bpróiseas cuí.
- Tuairimí a lorg ó na comhpháirtithe seo ar an achoimriú trí phlé agus /nó tri thuairimí scríofa a fháil uathu.
- Na tuairimí seo a chur isteach san achoimriú mas cuí agus má bhaineann le hábhar.

Ba chóir an cúram seo a bheith ar bhall den ghrúpa athbhreithnithe, príomhoide na scoile nó an chomhairleoir treorach más féidir.

Cuimsíonn torthaí an taisc seo leasú an achoimrithe a chuireadh le chéile i nGníomhaíocht 5 agus tacaíocht níos fearr a fháil sa scoil don Phlean um Threoir Scoile.

Gníomhaíocht 7

AG FORBAIRT PLEAN CHUN SOLÁTHAR TREORACH A FHEABHSÚ

Aidhm: Torthaí na ngníomhaíochtai thuas a úsáid i bhforbairt plean chun treoir a fheabhsú.

Am: Tréimhse ranga.

Tasc: Tá an tasc seo bunaithe ar an achoimriú a chuireadh le chéile trí Ghníomhaíochtaí 5 agus 6

- Idirdhealú a dhéanamh idir na tosaíochtaí a bhaineann le cuspóirí atá práinneach, gearrthéarmach agus fadthéarmach sa chlár um threoir scoile;
- Spriocdhátaí a leagan amach chun na cuspóirí seo a chur i gcrích;
- Ag aimsiú agus ag áireamh an costas airgid a bhaineann le cur i gcrích na gcuspóirí seo;
- Ag aimsiú an mhodha (inmheánach/seachtrach) a theastaíonn chun na cuspóirí a bhaint amach.

Bhéadh sé níos fearr dá nglacfadh an príomhoide, an comhairleoir treorach agus foireann bainisteoireacht na scoile leis an ngníomhaíocht seo mar chúram orthu féin. Ba chóir fótóchóipeáil a dhéanamh ar **Foirm E** nó é a tharraingt anuas ó shuíomh gréasáin an NCGE agus é a scaipeadh ar an bhfoireann chun plé a stiúradh.

D'fhéadfadh úsáid níos fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil sa scoil a bheith mar thoradh ar an ngníomhaíocht seo.

Feasta is cuid den Phlean um Fhorbairt Scoile é an Clár um Threoir Scoile.

FOIRM E

PLEAN FORBARTHA CHUN AN CLÁR UM THREOIR SCOILE A FHEABHSÚ

GRÚPA BLIANA / RANGA: _____

ACHOIMRIÚ AR THORTHAÍ AN ATHBHREITHNITHE UM THREOIR			
CAD IAD NA hACMHAINNÍ ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR DON CHLÁR UM THREOIR SCOILE?			
	Cuspóirí Práinneacha *(sonraigh le do thoil)*	Cuspóirí Gearrthéarmacha *(sonraigh le do thoil)*	Cuspóirí Fadthéarmacha *(sonraigh le do thoil)*
PEARSANTA			
COSTAS			
MODHANNA CHUR I gCRÍCH			
TRAENÁIL			
COSTAS			
MODHANNA CHUR I gCRÍCH			
SOLÁTHAR SA CHURACLAM			
COSTAS			
MODHANNA CHUR I gCRÍCH			
ÁISEANNA			
COSTAS			
MODHANNA CHUR I gCRÍCH			
ÁBHAR			
COSTAS			
MODHANNA CHUR I gCRÍCH			
AON RUD EILE (SONRAIGH LE DO THOIL)			
COSTAS			
MODHANNA CHUR I gCRÍCH			

Aguisín III
Plean Gníomhaíochta – Clár um Threoir

Tosaíocht:

Sprioc:

Tascanna	Cé a dhéanfaidh	Conas	Cathain	Acmhainní	Slat tomhais um chur i gcrích

Slat tomhais um chur i gcrích – Torthaí: Tionchar ar Fhoghlaim agus ar Mhúinteoireacht:

Modhanna Monatóireachta:

Modhanna Measúnaithe:

Aguisín IV
Dáileadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta um Threoir i Scoileanna Dara Leibhéil

DÁILEADH UAIREANNTA I GCOMHAIR SOLÁTHAR UM THREOIR I SCOILEANNA

SCEIDEAL A: SCOILEANNA SA SCÉIM SAOROIDEACHAIS

Clárú	Dáileadh
1000 nó níos mó	44 uair / sa tseachtain
800 – 999	33 uair / sa tseachtain
500 – 799	22 uair / sa tseachtain
250 – 499	11 uair / sa tseachtain
200 – 249	8.8 uair / sa tseachtain
< 200	8 uair / sa tseachtain

SCEIDEAL B: SCOILEANNA NACH BHFUIL SA SCÉIM SAOROIDEACHAIS

Clárú	Dáileadh
500 dalta nó níos mó	22 uair / sa tseachtain
350 – 499	11 uair / sa tseachtain

designed & produced by DESIGN PLUS LIMITED